C/2024/4072

28.6.2024

Fógra faoi iarraidh maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE

Iarraidh a rinne Eintiteas Conarthach

(C/2024/4072)

An 14 Meitheamh 2024, fuair an Coimisiún iarraidh de bhun Airteagal 35 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]). Is é *Slovenská pošta, a.s* a chuir an iarraidh isteach. Is é an 17 Meitheamh 2024 an chéad lá oibre eile tar éis an iarraidh a fháil.

Baineann an iarraidh seo le gníomhaíochtaí a bhaineann le soláthar seirbhísí poist agus seirbhísí eile dá dtagraítear in Airteagal 13 (2)(b) agus (c) de Threoir 2014/25/AE sa tSlóvaic.

Déantar foráil maidir leis an méid seo a leanas in Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE: 'conarthaí arb é is aidhm dóibh a fhágáil gur féidir gníomhaíocht a luaitear in Airteagal 8 go hAirteagal 14 a dhéanamh, ní bheidh siad faoi réir na Treorach seo más féidir leis an mBallstát nó leis na heintitis chonarthacha a rinne an iarraidh de bhun Airteagal 35 a léiriú go bhfuil an ghníomhaíocht neamhchosanta go díreach ar iomaíocht, sa Bhallstát ina bhfuil sí á déanamh, i margaí nach bhfuil aon srian i bhfeidhm maidir le rochtain a fháil orthu; agus comórtais deartha a eagraítear i dtaca le gníomhaíocht den chineál sin a shaothrú sa limistéar geografach sin, ní bheidh siadsan faoi réir na Treorach seo ach oiread'. An measúnú maidir le neamhchosaint dhíreach ar iomaíocht is féidir a dhéanamh i gcomhthéacs Threoir 2014/25/AE, is rud é atá gan dochar do chur i bhfeidhm iomlán dhlí na hiomaíochta.

Ceadaítear don Choimisiún tréimhse 105 ([2]) lá oibre a ghlacadh chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an iarraidh seo, tréimhse dar tús an lae oibre dá dtagraítear thuas. Dá bhrí sin, rachaidh an tréimhse sin in éag an 12 Samhain 2024.

De réir Airteagal 35(5) de Threoir 2014/25/AE, maidir le hiarrataí eile i ndáil leis na gníomhaíochtaí céanna sa tSlóvaic, ar iarrataí iad a bheidh curtha isteach roimh dhul in éag na tréimhse a osclaíodh i leith na hiarrata seo, ní mheasfar gur nósanna imeachta nua iad, agus is i gcomhthéacs na hiarrata seo a dhéileálfar leo.

([1]) Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le nósanna imeachta soláthair ag eintitis a fheidhmíonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

([2]) De bhun mhír 1a d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2014/25/AE in éineacht leis an dara fomhír den mhír 1 sin.